

## **FREAGRAÍ Ó CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**

**“INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS COVID-19: THUG SIAD FREAGRA MEAR AIR, DÚSHLÁIN FÓS ROMPU CHUN AN LEAS IS FEARR A BHAINT AS NUÁLAÍOCHT AGUS AN tSOLÚBTHACHT DE DHEASCA NA GÉARCHÉIME”**

### **CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ**

---

#### **Moladh 1 - Cuir baic fhadtéarmacha agus comhar idirinstiúideach san áireamh sna pleananna leanúnachais gnó**

Glacann CBAE leis an moladh.

Os rud é gur áiríodh baic fhadtéarmacha, amhail i gcás paidéime, ina plean leanúnachais gnó (BCP), is díol sásaimh do CBAE an chéad mholadh, ar moladh é a bhfuil tús curtha aici lena chur chun feidhme, agus leanfaidh sí leis an gcleachtas sin agus a gcuid BCP á nuashonrú amach anseo.

Ina theannta sin, tá CBAE sásta páirt a ghlacadh in aon mhalartú idirinstiúideach agus é a chur chun cinn, a bhfuil sé d’aidhm aige comhar idirinstiúideach i gcás géarchéime a chur ar bhonn foirmiúil os rud é go raibh an dianchomhar a tharla i bhfórait éagsúla le linn na paidéime chomh luachmhar.

#### **Moladh 2 – Forbairt bhreise a dhéanamh ar dhigitiú na seirbhísí riaracháin**

Glacann CBAE leis an moladh.

Tá CBAE an-bhródúil, a bhuí lena seirbhísí TF láidre, a cumas nuálaíochta agus dlús na dtionscnamh uailmhianach digitithe a seoladh roimh an géarchéim, as an dul chun cinn a rinne sí cheana féin ar na réimsí a chumhdaítear leis an moladh sin.

Ba chuid de ghnáthphróisis de CBAE roimh an ngéarchéim é ríomhshonrascadh agus tá dul chun cinn tapa á léiriú i gcónaí. Ar an gcaoi chéanna, thug CBAE ARES/Han isteach ina cuid sreafaí oibre agus leathnaíodh iad chuig gach roinn riaracháin, rud a thugann rochtain éasca dóibh ar síniú leictreonach (lena n-áirítear síniú cáilithe). Maidir leis an ngníomhaíocht bhreithiúnach, is fiú a lua go bhfuil an síniú leictreonach cáilithe i bhfeidhm ó Aibreán 2022.

Beartaíonn CBAE an cur chuige sin a chomhdhlúthú, rud a léiríonn a tiomantas i dtaobh na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digitiú a thapú, i gcomhthéacs a cuid gníomhaíochtaí go léir.

### **Moladh 3 – Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na modhanna nua oibre sa timpeallacht tar éis ré COVID-19**

Glacann CBAE leis an moladh.

Sa chóras breithiúnach, d'fhoghlaim sí ceachtanna na cianoibre mar thoradh ar an ngéarchéim, go háirithe maidir le húsáid chianphléadála nó maidir le héisteachtaí a thabhairt isteach trí shruthú gréasáin (ó Aibreán 2022 ar aghaidh).

Ó thaobh a cumas riaracháin de, chuaigh CBAE i ngleic freisin le gnéithe áirithe den teilea-obair tar éis measúnú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méid sin ar an ualach oibre (e.g. leas a bhaint as ríomhphost mar thoradh ar chianobair a chuíchóiriú agus a bharrfheabhsú).

Tá an beartas réadmhaoine a roghnaigh CBAE an-éifeachtach agus áirítear leis go mbeidh sí in ann, le suaimhneas agus gastacht, aon athruithe a tharlóidh sa todhchaí de bharr na modhanna oibre nua a chur san áireamh. Leanfaidh CBAE d'fhaireachán a dhéanamh ar éifeacht na modhanna nua sin agus cuirfidh sí a beartas in oiriúint dá réir.

Sa chomhthéacs sin, thosaigh CBAE ag machnamh ar conas tionchar na modhanna oibre nua sin a chur san áireamh chomh cruinn agus chomh éifeachtach agus is féidir i gcomhthéacs a beartais comhshaoil agus leanfaidh

sí dá dhéanamh amhlaidh agus ullmhú á dhéanamh d'athnuachan a clárú EMAS in 2022.

**3 Meitheamh 2022**